2024/248

17.1.2024

RIALACHÁN (AE) 2024/248 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Eanáir 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tartráit adapáite hiodrocsaíde iarainn a úsáidtear i monarú forbhianna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le breiseáin bhia ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE bunaítear liosta na substaintí vitimín agus mianracha, agus na foirmeacha díobh, i gcás gach ceann acu, is féidir a úsáid i monarú forbhianna.

(2) De bhun Airteagal 14 de Threoir 2002/46/CE, beidh forálacha maidir le substaintí vitimín agus mianracha i bhforbhianna a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte an phobail le glacadh tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás').

(3) Tar éis iarraidh a fháil ón gCoimisiún Eorpach tuairim a thabhairt uaidh maidir le tartráit adapáite hiodrocsaíde iarainn mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus mar fhoinse iarainn i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch ar an ábhar an 27 Deireadh Fómhair 2021 ([3]).

(4) Is é atá de thoradh ar an tuairim sin nach ábhar imní maidir le sábháilteacht í an tartráit adapáite hiodrocsaíde iarainn a úsáidtear i bhforbhianna ar choinníoll go n-urramófar teorainneacha áirithe a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1373 ón gCoimisiún ([4]). Ba cheart tartráit adapáite hiodrocsaíde iarainn a chur san áireamh ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE chun gur féidir í a úsáid mar fhoinse iarainn i bhforbhianna, ar bhonn na tuairime fabhraí ón Údarás agus ar bhonn an údaraithe mar chomhábhar bia núíosaigh mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1373.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Treoir 2002/46/CE a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 183, 12.7.2002, lch. 51.

([2]) Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

([3]) Painéal NDA EFSA. *Safety of iron hydroxide adipate tartrate as a novel food pursuant to Regulation (EU) 2015/2283 and as a source of iron in the context of Directive 2002/46/EC* [Sábháilteacht tartráite adapáite hiodrocsaíde iarainn mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 agus mar fhoinse iarainn i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE], EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(12):6935.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1373 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 lena n-údaraítear tartráit adapáite hiodrocsaíde iarainn a chur ar an margadh mar bhia núíosach agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 (IO L 206, 8.8.2022, lch. 28).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I bpointe B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh 'sóidiam feireach EDTA':

'tartráit adapáite hiodrocsaíde iarainn (nana) (*)

(*) Mar a liostaítear i liosta an Aontais de bhianna núíosacha i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).'